Seachtain Oidhreachta 2010

Tá Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin agus Gaeilge Locha Riach ag comhoibriú le grúpaí pobail arís i mbliana le linn Sheachtain Oidhreachta le roinnt imeachtaí a eagrú ar mhaithe le tábhacht oidhreacht an cheantair a ardú.

Tá Turas Oidhreachta... ar an rothar eagraithe go speisialta Satharn 21 Lúnasa. Tá an turas seo oiriúnach do gach uile duine sa teaghlach agus ba cheart go mbainfidh cách as a bheith amuigh faoin aer is ag foghlaim fán oidhreacht nádúrtha, tógtha is cultúrtha sa cheantar. Tiocfaidh daoine le chéile ag an seanreilig ag Garraí Bhríde i mBaile Locha Riach ag meán lae. Rachaidh an slua ag rothaíocht go Ballán le Cloch Túr Rua a fheiceáil, áit a mbeidh sos beag acu sula bhfillfidh siad ar Bhaile Locha Riach. Tá Gardaí, Civil Defence agus Seven Springs Cyclists le páirt a ghlacadh chomh maith.

Tá Siúlóid Lán-Gealaigh eagraithe i gcomhar le Kilchreest Ramblers Máirt 24 Lúnasa. Tiocfaidh daoine le chéile ag a naoi a chlog sa Village Inn, Cill Chríost agus rachaidh siad ar shiúlóid oidhreachta faoi sholas an ghealaigh. Siúlóid tras-tíre, trí choillte agus treoraithe ag daoine aitiúla ina dtugfar léargas ar sheanchas, stair is dúlra na háite.

Beidh Dúshlán Shliabh Eachtaí ar siúl Satharn 28 Lúnasa. Tiocfaidh an grúpa le chéile ag Teach a' Phobail, Gráig na Muillte Iarainn ag 11.00 r.n. agus ba chóir go mbeidh siad réidh ag 2.00 i.n. Caithfidh a rá gur siúlóid dúshlanach atá anseo do dhaoine fásta agus barr na sléibhe ar Ard Aoibhinn le baint amach. Tugfar léargas ar stair is dúlra an cheantair sléibhtiúil chomh maith.

Níos déanaí ar an lá céanna beidh Toraíocht Taisce/ BioBlitz ina dtiocfaidh daoine beaga is móra le chéile ag coillte Choill Breac ag 3.30 p.m. Beidh uair a chloig ag daoine réimse leathan beatha éagsúla a bhailiú nó a thaifeadadh idir 4.00 agus 5.00 i.n. Faraor, caithfidh gach uile rud a ainmniú idir phlandaí, feithidí, ainmhíthe, éanacha is eile. Ba cheart go mbeidh go leor spraoi i gceist do gach duine leis an imeacht áirithe seo. Ní amháin sin ach ba chóir go mbeidh siad ag foghlaim fá dhúlra na coille.

Le clabhsúr a chur le himeachtaí Sheachtain Oidhreachta in Oirthear na Gaillimhe, tá 'Féile an Phobail' eagraithe i gCill Rícill, Domhnach 29 Lúnasa idir 1.30 agus 7.00 i.n. Lá mór ceiliúrtha don teaghlach ar fad é seo ina mbeidh ceol, bia, cluichí agus réimse imeachtaí ar siúl.

Tá tuilleadh eolais i dtaobh na himeachtaí ar fad ar fáil ó Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin nó ó Gaeilge Locha Riach:

Sonraí Teagmhála:
Margaret Loughnane (091) 841773 ext. 5 naomhbrendaincu@eircom.net

Pádraig Ó Baoill (091) 870718 prua@lochariach.com

Gaeilge Locha Riach
www.lochariach.com

Heritage Week 2010

Loughrea's Credit Union and Gaeilge Locha Riach have joined forces yet again in organising a number of events with a number of community groups especially for Heritage Week in East Galway.

A Heritage Trip 'On Yer Bike', 'Ar do Rothar' has been specially organized with the co-operation of the Gardaí, Civil Defence and Seven Springs Cyclists for Saturday 21 August. This is a family event encouraging families to get on their bikes and take in their local history, folklore and scenery. Folk are to set off from Garraí Bhríde in Loughrea at midday and travel to Turoe Stone in Bullaun. Organisers plan to return to Garraí Bhríde by 3.30 p.m.

Siúlóid Lán-Gealaigh/ Full Moon Walk has been organized in co-operation with the Kilchresst Ramblers for the Tuesday 24th August. Folk are invited to come together in the Village Inn in Kilchreest that evening at 9.00 p.m. This night walk through the forrest and country will give ramblers the opportunity to learn a bit about the local history, folklore and nature around them under the moonlight. Walkers are encouraged to bring suitable attire.

Sliabh Eachtaí Challenge is taking place on Saturday 28 August between 11.00 a.m. and 2.00 p.m. Walkers are asked to gather outside the secondary school in Woodford and Dermot Moran, local historian, will be the guide for the walk. This is a chalenging walk for adults as the highest point of Sliabh Eachtaí on Ard Aoibhinn is to be reached. The history, culture and folklore of the district will also be discussed during the walk.

Later that same day a special Bioblitz/ Treasure Hunt has been organized for the whole family inviting participants to come together at the Hill Bar in Kylebrack. There, everyone will be given instructions as to how to go about gathering evidence of as many lifeforms as possible in Coill Breac woods in an hour, naming plants, trees, insects, birds etc. This promises to be a very exciting and fun day for all the family. Not only will the emphasis be on the spraoi and spórt but plenty to be learnt about the local environment.

To finalize festivities for Heritage Week, the local community in Cill Rícill are organizing a special 'Féile an Phobail' on Sunday 29th August between 1.30 and 7.00 p.m. inviting all in east Galway to take part in a great family day, including music, food, games and activities. Further details about all of the above events are available at Naomh Breandán Credit Union or at Gaeilge Locha Riach:

Contact Details:

Margaret Loughnane (091) 841773 ext. 5 naomhbrendaincu@eircom.net

Pádraig Ó Baoill (091) 870718 prua@lochariach.com

Gaeilge Locha Riach
www.lochariach.com